






The National Museum of Ireland

- 1 Decorative Arts and History
Collins Barracks, Benburb Street, Dublin 7
- 2 Archaeology
Kildare Street, Dublin 2
- 3 Natural History
Merrion Street, Dublin 2
- 4 Country Life
Turlough Park, Castlebar, County Mayo



Urlár na Talún

- | | |
|-----------|--|
| Siopa | 1 Éire réamhstairiúil |
| Caife | 2 Ór- Ór na Éireann |
| Leithris | 3 An Cnuasach |
| Riarachán | 4 Ríogacht & Íobairt |
| Fáiltiú | 4a Criadóireacht & Gloine ón gCipir Ársa |



An Chéad Urlár


- | | |
|----------------------|------------------------------------|
| Riarachán | 5 Éire na Lochlannach. |
| Léachtlan | 6 Éire na Meánaoise |
| Cairt Ghníomhaíochta | 7 An tSean-Éigipt |
| Seomra Oideachais | 8 Beatha & Bás sa Domhan Rómhánach |
| | 9 Taispeántas Sealadach |
| | 10 Taispeántas Sealadach |

Plean Urláir Gaeilge

museum

Archaeology

National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann



Fáilte go dtí Seandálaíocht, ar Shráid Chill Dara. Feicfidh tú déantáin ó 7000 R.Ch anseo, ar taispeáint i seacht n-áiléar. Léiríonn na taispeántais seandálaíochta forbairt shibhialtacht na hÉireann ó tháinig na céad daoine san aois Mhéisiliteach nó sa Chlochaois Láir go dtí Éire sa Mhéanaois Dhéanach. Cuireann taispeántais ar leithligh sibhialtachtaí ársa na hÉigipte agus na Cipire i láthair cuairteoirí.

Osclaíodh Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara go hoifigiúil i mí Lúnasa, 1890. Deartha ag Thomas Newenham Deane agus Thomas Manly Deane, dúradh faoi fhoirgneamh an Mhúsaem gur ‘sampla iontach dílis den stíl Palladio Vicleoiriach’ é. Tá an cruinnteach cuairteoirí nó halla iontrála iontach seo 19 méadar ar airde. Tá na colúin chlasaiceacha de mharmaid Éireannach sa chruinnteach mar scáthánsamhail de na colúin san iontráil cholúnra.

Tá an taobh istigh maisithe go méith le móitífeanna a athchuirtear i bhfianaise sibhialtachtaí na Gréige agus na Róimhe. Shuiteáil Oppenheimer Mhanchain na hIarthuaisrí mhósaice ina bhfuil móitífeanna Clasaiceacha ar urlár na talún agus is é Burmantoft Leeds a rinne na colbháil doirse maisealaca. Tá an mhósaic stoidiaca sa chruinnteach an-ghleite.



Eolas Ginearálta

Tá saorchead isteach sa Mhúsaem.

Suíomh Gréasáin:

www.museum.ie

Uaireanta Poiblí:

Máirt Satharn, 10 5 tráthnóna.

Dé Domhnaigh 2-5 tráthnóna.

Dúnta ar an Luan (laethanta saoire bainc san áireamh)

Eolas Breise

Baile Átha Cliath -

T: 01 677 7444 Facs: 01 677 7450

R: marketing@museum.ie

Páirc Thurulaigh -

T: 094 903 1755; Facs: 094 903 1628

R: tpark@museum.ie

Seomra Cótaí

Tá seomra cótaí i ngach ceann de láithreacha an Mhúsaem. Seirbhís shaor in aisce í seo.

Páirceáil

Tá páirceáil saor in aisce ar fáil ag Dún Uí Choileáin agus ag Páirc Thurulaigh.

Siopaí an Mhúsaem

Suite i Sráid Chill Dara, i Sráid Mhuirfean, i nDún Uí Choileáin agus i bPáirc Thurulaigh. Gheofar i ngach ceann de shiopaí an Mhúsaem rogha uileaghabhálach leabhar, féiríní, nithe inspéise do leanaí, cártaí poist, seodra a coimisiúnaíodh go speisialta, ceirmeacht agus teicstílí. Ar oscailt le linn uaireanta oscailte an Mhúsaem.

Caiféanna an Mhúsaem

Suite i Sráid Chill Dara, i nDún Uí Choileáin agus i bPáirc Thurulaigh. Gheofar i gCaiféanna an Mhúsaem caife, tae, pastaetha agus raon leathan ceapairí agus béilí blasta. Ar oscailt le linn uaireanta oscailte an Mhúsaem.

Slí isteach

Is féidir cathaoir rotha a thabhairt isteach in aon chuid de Dhún Uí Choileáin nó de Pháirc Thurulaigh. Sráid Chill Dara - Tá slí isteach do chathaoirí rotha i dtaispeántais ar an mbunurlár, i siopa féiríní an Mhúsaem, i gCaifé agus i leithris an Mhúsaem. Sráid Mhuirfean - Tá slí isteach do chathaoirí rotha i dtaispeántais ar an mbunurlár agus sna leithris.

Sábháilteacht Cuairteoirí

Is iad cúramóirí príomha atá freagrach as sábháilteacht leanaí faoina gcúram fad atá siad ar cuairt in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Gheofar eolas breise ach an Beartas Cosanta Leanaí a fhéachaint, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin www.museum.ie

Seomraí Acmhainne Oideachais

Acmhainn í seo don phobal le gur féidir tuilleadh a fháil amach faoin Mhúsaem agus faoina bhailiúcháin. Soláthraítear ann spásanna gníomhaíochta agus taighde, leabhair, rochtain theoranta ar an Idirlíon ar cheithre cinn de ríomhairí, agus ábhar

inlámhsithe. Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis na Ranna Oideachais agus For-rochtana.

Turais Threoirithe

Ar fáil gach lá le linn uaireanta poiblí an Mhúsaem. Is féidir turais ghrúpa agus clár oideachais a shocrú trí na Ranna Oideachais agus For-rochtana.

Clár Oideachais agus For-rochtana

Cuir eolas níos fearr ar bhailiúcháin an Mhúsaem tríd an gclár Oideachais agus For-rochtana, ar a n-áirítear Cainteanna sa Ghailereáil d'Aosaigh, imeachtaí buail isteach, scéalaíocht, léachtaí agus leathanaigh ghníomhaíochta.

Sonraí faoi Áirithintí

Eolas faoi Áirithintí i mBaile Átha Cliath

Iarrtar ort glao a chur ar an Roinn Oideachais agus For-rochtana maidir le háirithintí nó chun eolas breise a fháil ar imeachtaí i mBaile Átha Cliath. T: 01 648 6453 Facs: 01 679 1025 R: education@museum.ie Uaireanta na hOifige Áirithintí: Luan - Aoine 10am - 2pm

Eolas faoi Áirithintí i bPáirc Thurulaigh

Iarrtar ort glao a chur ar an Roinn Oideachais agus For-rochtana maidir le háirithintí nó chun eolas breise a fháil ar imeachtaí i bPáirc Thurulaigh.

T: 094 90 31751 Facs: 094 90 31498 R: educationtph@museum.ie Uaireanta na hOifige Áirithintí: Luan - Aoine 10am - 2pm

Féilire Imeachtaí

Is féidir Féilire Imeachtaí an Mhúsaem a íoslódáil go ráithiúil ónár leathanach ‘Fiosraigh agus Foghlaim’. Ba cheart do scoileanna agus do ghrúpaí ar mian leo cuairt a thabhairt ar an músaem teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Áirithintí.

Taispeántais Shealadacha

Gheofar eolas ar thaispeántais shealadacha atá ar siúl anois agus ar cinn atá beartaithe ónár Roinn Margaíochta. T: 01 6486453 nó 1890 687386, folíne 453 R: marketing@museum.ie www.museum.ie

Seirbhísí Corparáideacha

Tá raon éagsúil spásanna ar ardchaighdeán ar fáil sa Mhúsaem le haghaidh cruinnithe agus ócáidí príobháideacha. Tá seomraí de mhéideanna agus de fheistiú difriúla ar fáil a d'oireadh do suas le 100 duine ag dinnéar príobháideach nó suas le 200 ag fáiltiú ag a mbíonn deoch ar fáil. Gheofar eolas breise ón Roinn Margaíochta. T: 01 6777 444 folíne 428 le haghaidh áirithintí. R: events@museum.ie www.museum.ie



Gailearaithe Taispeántais

1

Éire réamhstairiúil

Leanann an taispeántas seo lorg ar na saibhreas seandálaíochta ón tréimhse réamhstairiúil in Éirinn- an Chlochaois, an Chré-Umhaois agus an Iarannaois.

Léiríonn an chéad rannóg saol na bhfiagaithe cnuasaitheoirí ón gClochaois Méasailiotach c. 7000-3700 Ríomh Chríost. Cuimsíonn na déantúsáin uirlisí chloiche agus airm ó shuíomhanna Méasailiotach. Léirítear saol ar áitriú feirmeoireachta sa Chlochaois Neoiliotach nó sa Nuachlochaois, c. 3700-2500 Roimh Chríost trí thaispeántas ag léiriú uirlisí ar nós bró diallaite, a úsáideadh le harbhar, bioráin as chnámha ainmhithe, potaireacht agus blaoscanna a mheilt.

Is ón tréimhse Neoiliotach atá na tuamaí pasáiste, cosúil le Brú na Bóinne agus taispeánann an taispeántas An athchóiriú tuama tipiciúil. Léirítear ócaidí deasghnáth agus siombalachas trí uirlisí deasghnáthach, an ceann is fearr díobh ná b'fhéidir an ceann-máis snoite ón tuama pasáiste ag Knowth, Co. na Mí. Ba thréimhse athruithe móra agus nuálaíoch a bhí sa Chré-Umhaois, c. 2400-500 Roimh Chríost mar gheall ar theacht isteach an mhiotalóireacht. Tá scil na

2

Ór - Ór na Éireann

Díríonn an taispeántas seo ar Chnuasach na n-uirlisí órga ón gCré Umhaois de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann, ceann de na cnuasaigh múiséim is fearr san Eoraip. Feiceann cuairteoirí conas mar a forbraíodh scileanna na n-órcheardaithe ó dhioscáí gréine agus luanlaí ón gCré Umhaois luath, c. 2200-1700 Ríomh Chríost, go dtí na toirc, muiní, spól cluaise agus fainní loca ón gCré Umhaois Déanach, c. 1200-600 Riamh Chríost. Aimsíodh alán de na huirlisí atá ar thaispeántas i dtaiscí agus fionnaíodh iad le linn na feirmeoireachta nó baint na móna.

Ós rud é gur aimsíodh an-chuid taiscí sna portaigh, dealraíonn sé gur ghlac muintir na Cré Umhaoise leo mar ionaid ar leith. Míníonn cuid den taispeántas an cúlra geolaíoch den ór a úsáideadh leis na huirlisí atá ar thaispeántas a tháirgiú.

3

An Cnuasach

Leanann an taispeántas seo forbairt ealaíne na hÉireann ó theacht na gCeiltigh go hÉire sna céadta déanacha sa ré réamhstairiúil go dtí tús na tréimhse Mheánaoiseach c. 1200AD. Tugann cur i láthair d'ósamhairc réamheolas faoin gCnuasach, agus féadfar é a fheiceáil le tráchtairacht as Béarla, Gaeilge, Fraincís nó Gearmáinis.

Chomhthárlaigh teacht na gCeiltigh go hÉire le heolas ar obair iarainn, agus taispeánann an chéad chuid den taispeántas scil na ngaibhnoirí Ceilteacha. Tá taisce thábhachtach d'uirlisí órga ó Broughter, Doire mar chuid den taispeántas seo, a chuimsíonn bád órga miondealbhadh.

Léiríonn an dara rannóg den taispeántas ealaín na Meánaise Luath, Ré Órga Ealaíne na hÉireann. Ba é seo an tréimhse a lean teacht isteach na Críostaíochta sa chuigiú Aois. I measc an sárshaothar ar thaispeántas tá an An Chailís Ardach, Dealg na Teamhrach agus Bachall Cluain Mhic Nóis.

4

Ríogacht & Íobairt

Ag bun an príomhghailearaithe tá taispeántas ar leith de fheistis meánaoiseach agus ábhar infhite. Mhair an cnuasach néamhghnáthach seo mar gheall ar na coiníníollacha ar leith timpeallachta i bportaigh móna na hÉireann, a chaomhnaíonn olann agus ábhair órgánacha eile. I measc na dtaispeántais tá guna ban ón sé déagú aois, a fuarthas gar do shuí an Róin, Contae Uíbh Fhailí. Tá fiche trí chuid sa sciorta guiséid.

Leanann an cnuasach seandálaíoch ar aghaidh thuas staighre sa taispeántas Éire na Lochlannach.

I ndiaidh go bhfuarthas dhá chorp phortaigh ón Iarannaois ag Cruachán, Contae Uíbh Fhailí agus Cluain Uí Chaomháin, Contae na Mí in 2003, d'oibrigh foireann de speisialtóirí idirnáisiúnta leis na hiarmaí daonna sin a scrúdú. Tugann an taispeántas seo foramharc ar thorthaí a n-anailíse agus, in éineacht le coirp phortaigh eile ó bhailiúcháin Ard-Mhúsaem na hÉireann, tugann sé deis don phobal teacht 'duine le duine' lena sinsir ársa.

Lena chois sin, leagann an taispeántas seo béim ar theoiric radacach úr atá bunaithe ar an mbreathnú gur cuireadh na coirp phortaigh ar theorainneacha suntasacha a nascann iad le deasghnátha flathis agus ríogachta le linn na hIarannaoise. Léiríonn taighde chomh maith go bhfuil ábhar bainteach eile nasctha le deasghnátha insealbhaite ríthe agus gur féidir na deasghnátha seo a lorg ar ais go dtí an Chré-Umhaois.



4a

Criadóireacht & Gloine ón gCipir Ársa

Díríonn an taispeántas seo ar dhéantáin Chipireacha i mbailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann, a lán acu nár taispeánadh riamh roimhe seo. Tá bunús an bhailiúcháin i roinnt bronnatanas ón 19ú haois, agus rinneadh é a leathnú trí roinnt ceannachán go luath san 20ú haois. Tá an chuid is mó de na píosaí ceirmeach agus is cosúil go dtagann siad as tuamaí a nochtadh san 19ú haois.

Téann na déantáin ón gCré-umhaois, thart ar 2500 R.Ch., go dtí an tréimhse Rómhánach dhéanach, thart ar 300 AD, agus tá siad eagraithe de réir ama. Cuimsíonn an taispeántas cúig dheilbhín chré chomh maith atá ar iasacht ó Mhúsaem na Cipire, Nicosia. Léiríonn na stíleanna agus maisithe éagsúla a fheictear sna déantáin ó gach tréimhse cumasc uathúil na dtionchar cultúrtha atá ina thréith de sheandálaíocht na Cipire.

5

Éire na Lochlannach.

Soláthraíonn an taispeántas seo fianaise na hAoise Lochlannach in Éirinn ón gcéad ionsaí Lochlannach a taifeadadh sna blianta 795AD go dtí 1170AD. Léiríonn an chéad rannóg na hionsaithe Lochlannacha le hairm agus uirlisí eile a aimsíodh sna huaigheanna ag Droichead na hInse agus Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. Léiríonn an dara rannóg gníomhaíochtaí faoi tuath a chuimsíonn feirmeoireacht, iascaireacht, sníomh agus ag meilt ábhair. Is cuimhneacháin iad slabhra sclábhaíochta, ag tomhais 10 méadar, agus blaosc daonna ó Chontae Ros Comáin den sclábhaíocht a bheith ann in Éirinn na Lochlannach. Sonraíonn an tríú rannóg samhail de réir scála de Bhaile Átha Cliath na Lochlannach agus teach tipiciúil den tréimhse. I measc na gceirdeanna a cleachtaíodh bhí siúinéireacht, obair ghabha dubh, ag déanamh círe, agus obair leathair. Léirítear gníomhaíocht trádálach trí bhoinn, scálaí agus meáchain, chomh maith le trí ábhair neamhghnáthach a iompórtáladh, ar nós ómra, síoda agus blaosc róin. Pléann an rannóg dheireanach leis an Eaglais in Aois na Lochlannach, a chuimsíonn Cros Chonga, sárshaothar calaíne ón dara aois déag, agus urchar plástair den doras ar Theampall Chormaic, ag an Caiseal, Tiobraid Árann.

6

Éire na Meánaoise

Pléann an taispeántas seo leis an saol in Éirinn ó ionsaí na Sasanaigh nó na nAngla-Normannach i lár an dara aois déag go dtí an Reifirméisean i lár an séú aois déag. Pléann an chéad gailearaí, leis an teideal 'Cumhacht: Ríthe, Tiarnaí agus Laochra,' le coilíniú na Sasanaigh in Éirinn. Léirítear an saol sa chaisleán agus sa mhainéar trí ilchnuasach uirlisí. Díríonn an dara rannóg, leis an teideal: 'Obair: Trádálaithe, Feirmeoirí agus Fir Ceirde,' ar an saol laethúil i mbaile tuaithe agus faoin tuath. Taispeántar uirlisí agus táirgí réimse fear ceirde sa bhaile tuaithe in aice le huirlisí feirmeoireachta agus táirgí na tuaithe. Cuimsíonn an tríú rannóg, leis an teideal 'Paidir: Easpaig, Oilithreachtaí agus Paróistigh,' na príomhchumhaigh taisí agus saothair ealaíne ón . Mheánaois Déanach, ina n-áirítear Cathach Naomh Choilm, Scrín Bhróig Naomh Bríd agus dealbha snóite as adhmaid ó Fhiodh Ard, Tiobraid Árann.

7

An tSean-Éigipt

Tugann an taispeántas seo cuairteoirí isteach ar shibhialtacht chasta na hÉigipte ón tréimhse réamhríoraíoch, c. 5000 Roimh Chríost chuig aois na Románaigh ca 395AD. Cuireann an taispeántas lámhdéantúsáin i láthair a léiríonn saol, bás agus cleachtais craífeach sa Sean-Éigipt. Taispeánann an taispeántas seo ceithre seargáin, le trí cinn dóibh clúdaithe i gcásanna péinteáilte go críochnúil. Léiríonn seoda, cosmaidí agus ábhair eile gaolmhara grá na Sean-Éigiptigh don ornáideacht phearsanta. Críochnaíonn an taispeántas le hiompaí na hÉigipte go Críostaíocht sna céad céadta AD, tarlúint a d'fhéadfaí a chur chuir deireadh le sibhialtacht na Sean-Éigipte.

8

Beatha & Bás sa Domhan Rómhánach

Gheofar sa taispeántas seo réada a bhí i dtuaisc in Ard-Mhúsaem na hÉireann ó na 1920idí luaithe i leith. Bailíodh formhór na réad sa naoú haois déag agus go luath san fhichiú haois, ní amháin le cur ar taispeáint don phobal ach lena chois sin chun cabhrú le scoláirí a bhí ag déanamh staidéir ar an ealaín agus ar an ailtireacht chlasaiceach. San áireamh sa bhailiúchán tá soithigh ghloine, teicstílí, dealbhóireacht, ceirmeacht, boinn airgid, geamchlocha agus blúirí ailtireacha ó áiteanna atá chomh héagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de agus an Éigipt, an Ostair agus Sasana.

Cuirtear tús leis an taispeántas le taispeáint d'ábhar Éatrúscach, a leantar le taiscéaladh ar na téamaí seo a leanas: 'An Saol Laethúil' 'Bás, Adhlacadh agus an Saol Eile', 'Reiligiún', 'Maisiú agus Gléasadh Pearsanta', 'Siamsaíocht' agus 'Cumhacht an Impire sa Domhan Rómhánach'. Tugtar an taispeántas chun críche le tabhairt isteach na Críostaíochta.

9

Taispeántas Sealadach

Le fáisnéis a fháil faoi thaispeántais sealadacha atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ar siúl, déan teagmháil le do thoil leis an Roinn Margaíochta ag (01) 677 7444.

10